



P10_TA(2025)0012

CBL: rialacha don ré dhigiteach

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Feabhra 2025 ar an dréacht-treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach (15159/2024 – C10-0170/2024 – 2022/0407(CNS))

(An nós imeachta reachtach speisialta – comhairliúchán athnuaite)

(C/2025/2256)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don dréacht ón gComhairle (15159/2024),
 - ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an gComhairle (COM(2022)0701),
 - ag féachaint dá seasamh an 22 Samhain 2023 ⁽¹⁾,
 - ag féachaint d'Airteagal 113 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa arís (C10-0170/2024),
 - ag féachaint do Riail 84 agus do Riail 86 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A10-0001/2025),
1. ag formheas an dréachta ón gComhairle;
 2. á iarraidh ar an gComhairle a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa má tá sé ar intinn aici imeacht ón téacs atá formheasta ag an bParlaimint;
 3. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle leis an bParlaimint arís má tá sé ar intinn aici an dréacht a leasú go substaintiúil;
 4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

⁽¹⁾ IO C, C/2024/4246, 24.7.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2024/4246/oj>.